# DÁIL ÉIREANN

## AN BILLE UM AN GCÚIGIÚ LEASÚ IS TRÍOCHA AR AN MBUNREACHT (COLSCARADH), 2016
## THIRTY-FIFTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION (DIVORCE) BILL 2016

## LEASUITHE TUARASCÁLA
## REPORT AMENDMENTS

[No. 57 of 2016]
[Uimh. 57 of 2016]

[2 April, 2019]
[2 Aibreán 2019]

# DÁIL ÉIREANN

**AN BILLE UM AN gCÚIGIÚ LEASÚ IS TRÍOCHA AR AN mBUNREACHT (COLSCARADH), 2016**
**—AN TUARASCÁIL**

**THIRTY-FIFTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION (DIVORCE) BILL 2016**
**—REPORT**

*Leasuithe*
*Amendments*

**1.** In page 4, to delete lines 11 to 14 and substitute the following:

"(a) paragraph i of subsection 2º of section 3 of the Irish text shall be repealed;

(b) paragraph i of subsection 2º of section 3 of the English text shall be repealed;

(c) paragraph ii of subsection 2º of section 3 of both texts shall be numbered as paragraph i;

(d) paragraph iii of subsection 2º of section 3 of both texts shall be numbered as paragraph ii;

(e) paragraph iv of subsection 2º of section 3 of both texts shall be numbered as paragraph iii;

(f) the subsection, the text of which is set out in *Part 1* of the *Schedule*, shall be substituted for subsection 3º of section 3 of the Irish text;

(g) the subsection, the text of which is set out in *Part 2* of the *Schedule*, shall be substituted for subsection 3º of section 3 of the English text.".

I leathanach 5, línte 12 go 15 a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina n-ionad:

"(a) aisghairfear mír i d'fho-alt 2º d'alt 3 den téacs Gaeilge;

(b) aisghairfear mír i d'fho-alt 2º d'alt 3 den téacs Sacs-Bhéarla;

(c) déanfar mír ii d'fho-alt 2º d'alt 3 den dá théacs a uimhriú mar mhír i;

(d) déanfar mír iii d'fho-alt 2º d'alt 3 den dá théacs a uimhriú mar mhír ii;

(e) déanfar mír iv d'fho-alt 2º d'alt 3 den dá théacs a uimhriú mar mhír iii;

(f) cuirfear an fo-alt a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid 1* den *Sceideal* in ionad fho-alt 3º d'alt 3 den téacs Gaeilge;

(g) cuirfear an fo-alt a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid 2* den *Sceideal* in ionad fho-alt 3º d'alt 3 den téacs Sacs-Bhéarla.".

—An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

**2.** In page 4, line 16, to delete "The amendment to the Constitution effected by this Act shall be called the Thirty-fifth" and substitute "The amendment of the Constitution effected by this Act shall be called the Thirty-eighth".

I leathanach 5, líne 17, "An Cúigiú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht a thabharfar ar an leasú a dhéantar ar" a scriosadh agus "An tOchtú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht a thabharfar ar an leasú a dhéantar ar" a chur ina ionad.

—An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

**3.** In page 4, lines 18 and 19, to delete "Thirty-fifth Amendment of the Constitution (Divorce) Act 2016" and substitute "Thirty-eighth Amendment of the Constitution (Dissolution of Marriage) Act 2019".

I leathanach 5, línte 19 agus 20, "an tAcht um an gCúigiú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Colscaradh), 2016" a scriosadh agus "an tAcht um an Ochtú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Scaoileadh ar Phósadh), 2019" a chur ina ionad.

—An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

**4.** In page 6, to delete lines 3 to 5 and substitute the following:

"3º Féadfar socrú a dhéanamh le dlí chun aitheantas a thabhairt faoi dhlí an Stáit do scaoileadh ar phósadh arna thabhairt faoi dhlí sibhialta stáit eile.";

and

In page 6, to delete lines 7 to 9 and substitute the following:

"3º Provision may be made by law for the recognition under the law of the State of a dissolution of marriage granted under the civil law of another state.".

I leathanach 7, línte 3 go 5 a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina n-ionad:

"3º Féadfar socrú a dhéanamh le dlí chun aitheantas a thabhairt faoi dhlí an Stáit do scaoileadh ar phósadh arna thabhairt faoi dhlí sibhialta stáit eile.";

agus

I leathanach 7, línte 7 go 9 a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina n-ionad:

"3º Provision may be made by law for the recognition under the law of the State of a dissolution of marriage granted under the civil law of another state.".

—An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.